

Ceardlann Ghréasáin 6

Bileog Leide do Scoileanna Speisialta agus do Ranganna Speisialta



Tasc 1 - Eispéiris Theanga agus Cultúrtha

Please read Circular 0052/2019. Then consider the following quote:
Léigh Ciorcalán 52/2019. Ansin déan an ráiteas a leanas a mheas:

.... I gcás daltaí i scoileanna speisialta agus i ranganna speisialta i scoileanna príomhshrutha, níl gá le hiarratas foirmiúil a dhéanamh ar Dheimhniú Díolúine. Beidh daltaí i scoileanna speisialta agus i ranganna speisialta i scoileanna príomhshrutha díolmhaithe ach gan Teastas Díolúine a bheith acu. Ag teacht le polasaí na Roinne thuas áfach, beifear ag súil leis agus moltar do scoileanna deiseanna rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí teanga agus cultúrtha i nGaeilge, chomh fada agus is féidir agus ar bhealach bríoch, ag leibhéal oiriúnach a thagann lena riachtanais foghlama a sholáthar do gach dalta.. (Rannóg 1.2, Lch 2)


- a) Smaoinigh ar conas a bhíonn do scoil/rang rannpháirteach “ar bhealach bríoch” i gníomhaíochtaí teanga agus cultúrtha i nGaeilge atá oiriúnach do riachtanais foghlama na ndaltaí?

- b) Smaoinigh ar shlite eile go bhféadfá deiseanna a chruthú do dhaltaí páirt a ghlacadh i gníomhaíochtaí teanga agus cultúrtha tras-churaclaim? Liostáil cad a dhéanfa m.sh. comharthaí/focail sa timpeallacht áitiúil, scéalta, ceol, srl.....



Tasc 2 – Sampla ar fhíseán

- a) Roghnaigh giota físeáin amháin a léirítear sa Cheardlann Ghréasáin seo m.sh. an sampla a léiríonn comhthéacs na scoile speisialta. Nuair atá sé feicthe agat smaoinigh ar na pointí a leanas:
- Cad a rinne an múinteoir chun an ceacht a dhéanamh spráúil agus tarraingteach do na daltaí?
 - Cad iad do thuairimí a ritheann leat faoi na gníomhaíochtaí, ar rannpháirtíocht agus freagraí na ndaltaí?
- b) Smaoinigh ar chleachtais reatha i do scoil/rang féin. Léirigh gníomh amháin a dtabharfá faoi chun teanga na Gaeilge agus cultúir na tíre seo a chur chun cinn i do chomhthéacs féin.





(Roghnach) Tasc 3 – Modh na Cumarsáide

Roimh an bhfíseán:

a) Cad atá ar siúl ag gach céim de Mhodh na Cumarsáide? (Scríobh isteach do chuid freagraí sa bhosca thíos)

Le linn an fhíseáin:

b) Cad atá ar siúl ag múinteoir Laura agus ag na daltaí ag na céimeanna éagsúla? (Cuir leis na nótaí atá déanta agat thíos fad is atá tú ag féachaint ar an bhfíseán)

c) Cuir tic ar na gníomhaíochtaí éagsúla a fheiceann tú ag na céimeanna éagsúla.



Réamh-Chumarsáid	Cumarsáid	Iar-Chumarsáid
Múinteoir - Rang <input type="checkbox"/>	Múinteoir - Rang <input type="checkbox"/>	Múinteoir - Rang <input type="checkbox"/>
múinteoir - páiste <input type="checkbox"/>	múinteoir - páiste <input type="checkbox"/>	múinteoir - páiste <input type="checkbox"/>
páiste - múinteoir <input type="checkbox"/>	páiste - múinteoir <input type="checkbox"/>	páiste - múinteoir <input type="checkbox"/>
páiste – páiste <input type="checkbox"/>	páiste – páiste <input type="checkbox"/>	páiste – páiste <input type="checkbox"/>
obair bheirte <input type="checkbox"/>	obair bheirte <input type="checkbox"/>	obair bheirte <input type="checkbox"/>